Crawford Art Gallery Learn And Explore

Baineann an **líníocht** le réiteach fadhbanna an radhairc. Á spreagadh ag bailiúchán Gealaraí Crawford Art Gallery, sé 'Portrait of Conal Creedon' (2007) le Eileen Healy cúis inspioráide don acmhainn físe líníochta figiúrtha seo leis an Ealaíontóir agus Teagascóir Gailearaí na nDéagóirí Avril O Brien.

LEIDEANNA LE hAGHAIDH FÍORACHA A THARRAINGT

- COMHRÉIR
  - Aimsiú: uillinneacha, faid agus cruthanna a chur i gcomparáid.
  - Bain úsáid as aonad tomhais chun na méideanna a chur i gcomparáid.

- BLOCÁIL Déan do líníocht a thógáil! Dírigh ar:
  - Spás diúltach agus dearfach (Cúlra agus Fíor)
  - Solas agus scáth chun foirm a chruthú le hachair a bhfuil luach tonúil acu

- LÉIRIÚ
  - Méain: Tá tionchar láidir ag na meáin a roghnaítear ar an bhfonn a thagann as do líníocht.
  - Marcáil: Bain úsáid as marcanna éagsúla, phoncanna, greannú, scriobláil, marcanna boga srl. Cruthaíonn a leithéid do theanga físiúl.

- AONTACHT Ceangail an íomhá go léir le chéile.
  - Cineál líne: Bain úsáid as líne tiubh, tanaí nó briste.
  - Mionsonraí: Cuir an bhéim ar achair éigin; déan an uigeacht, pointí spéise agus an dreach a chruthú.
  - Fonn: Is féidir le marc nó dhó cúlra nó soilsiú na híomhá a athrú.

ÁBHAIR

Níl bailiúchán d'ábhair ealaíne traidisiúnta ag teastáil uait don saothar seo. Féach timpeall an tí!

Páipéar- Málaí siopadóireachta páipéir, páipéar bácála, boscaí cairtchláir, pacáistiú.

Meáin - Spíosraí, glasraí, tarsainn. D'úsáideamar biatas le haghaidh léiriú drámatúil. Chruthaigh ton séipia as tuirmiric mheithe (méid beag bídeach a chur le beagán uisce), anlann soighe, tae agus caife. Ná déan dearmad ar dhathanna éadroma, meánacha agus dorcha.

Uirlisí um dhéantús na marcanna - cad atá ann sa ghairdín? Duilleoga, bataí. Timpeall an tí? Pasta, tuí, badhróanna, páipéir síoda scrofa suas, sreangán.